

Bunscoileanna – ceannaireacht agus bainistiú**RÉIMSE 3: FORBAIRT NA SCOILE A THREORÚ**

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH	RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH
Fís threorach na scoile a chur in iúl, agus cur i gcrích na físe sin a stiúradh	Bíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide réamhghníomhach maidir le fís i leith úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a chur in iúl, faoi mar atá léirithe sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna. Cuirtear an fhís sin in iúl go gníomhach do phobal níos leithne na scoile.	Cuireann an bord bainistíochta agus an príomhoide fís in iúl ina leabaítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, faoi mar atá léirithe sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna. Tá próisis chuí i bhfeidhm ag an scoil seo chun an fhís a chur in iúl go himmheánach agus go seachtrach maidir le leabú teicneolaíochtaí digiteacha agus na tairbhí a bhaineann leis sin.
Rannpháirtíocht na scoile a stiúradh i bpróiseas leanúnach féinmheastóireachta	Cuimhnítear ar úsáid na teicneolaíochta digití agus leabaítear í nuair is cuí ar fud phróiseas féinmheastóireachta na scoile.	Bíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil ar an eolas faoi athruithe sa teicneolaíocht, agus cinntíonn siad go mbíonn feabhas intomhaiste agus inaitheanta ar thorthaí na bhfoghlaimoirí mar thoradh ar bhearta atá á gcur i bhfeidhm de réir an phlean feabhsaithe scoile.
Caidrimh a chruthú agus a chothú le tuismitheoirí, le scoileanna eile agus leis an bpobal i gcoitinne	Tá straitéis fhollasach cumarsáide i bhfeidhm sa scoil, ina sainaitnítear agus ina n-úsáidtear láithreáin gréasáin agus líonraí sóisialta, chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le pobal uile na scoile. Úsáideann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil teicneolaíochtaí digiteacha chun feabhas a chur ar chumarsáid na heagraíochta le foghlaimoirí, tuismitheoirí agus tríú páirtithe, rud a fhágann go mbíonn na nósanna imeachta riaracháin níos trédhearcaí agus níos inrochtana. Tá siad tiomanta don chomhoibriú agus don mhalartú eolais trí chomhpháirtíochtaí le scoileanna eile, eagraíochtaí seachtracha, an tionscal agus an pobal i gcoitinne, á éascú agus á chothú de réir mar is cuí le teicneolaíochtaí digiteacha.	Tá láithreach dhigiteach dhinimiciúil ag an scoil ar a ndéantar nuashonrú rialta agus a bhíonn in úsáid ag an scoil agus ag pobal na scoile chun leas a bhaint as comhoibriú, comhroinnt, cumarsáid agus foghlaim ar líne. Úsáideann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil feidhmeanna leabaithe na n-uirlisí riaracháin chun machnamh agus anailís a dhéanamh ar riachtanais foghlama agus dul chun cinn foghlaimoirí aonair agus chun tuiscint níos fearr a fháil orthu sin. Cruthaíonn agus cothaíonn an scoil comhpháirtíochtaí comhoibríocha nuálacha le scoileanna eile, eagraíochtaí seachtracha, an tionscal agus an pobal i gcoitinne ar bhealach gníomhach, agus déanann an scoil na comhpháirtíochtaí sin a éascú agus a chothú de réir mar is cuí le teicneolaíochtaí digiteacha.
Athrú a bhainistiú, a threorú agus a stiúradh chun freagairt do riachtanais athraitheacha na scoile agus d'athruithe san oideachas	Baineann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil leas as an mbeartas náisiúnta agus as forbairtí teicniúla, agus tuigeann siad cé chomh hábhartha is atá siad sin don scoil.	Baineann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil leas as taighde, as an mbeartas náisiúnta agus as forbairtí teicniúla, agus cuireann siad iad féin in oiriúint go réamhghníomhach d'athruithe ar an gcomhthéacs nó ar an timpeallacht bheartais.